Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11900/26**
**ADD 1**

**DENLEG 78**
**FOOD 104**
**SAN 593**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 14 Iúil 2026 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D115964/02 iarscríbhinn |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann le RIALACHÁN ÓN gCOIMISIÚN lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 maidir le hábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha a bheartaítear a bheith i dtadhall le bia |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D115964/02 iarscríbhinn.

---

Faoi iamh: D115964/02 iarscríbhinn

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
PLAN/2025/1804 ANNEX
(POOL/E2/2025/1804/1804-EN
ANNEX_REV1.docx) D115964/02
[…](2026) XXX

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann le**

**RIALACHÁN ÓN gCOIMISIÚN**

**lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh 10/2011 maidir le hábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha a bheartaítear a bheith i dtadhall le bia**

# IARSCRÍBHINN

(1) Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas isteach ag deireadh Thábla 1 in ord uimhriúil:

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| '1086 | | | snáithíní carbóin mionghearrtha ó pholaicrilinítríl charbónaithe | is féidir | ní féidir | ní féidir | | | Ná húsáid ach ag leibhéal suas le 40 % w/w le haghaidh polaiméir céatóin éitir poiléitir.<br>Déanfar na snáithíní a mhonarú as polaicrilinítríl, beidh íoschion carbóin 95 % w/w iontu, agus beidh siad ar mhéideanna nach bhfuil ar an nanascála ar aon toise (trastomhas >100 nm). | |
| 1087 | | | carbónáit chailciam dheasctha nanaimhéide, neamhbhrataithe | is féidir | ní féidir | ní féidir | | | Ná húsáid i monarú ábhar agus earraí a bheartaítear a bheith i dtadhall le bainne foirmle do naíonáin (7). | (32) |
| 1088 | | | polai(aigéad 2-hiodrocsapropánóch), eistear n-ochtaile/n-deicile | is féidir | ní féidir | ní féidir | 0,05 | | Ná húsáid ach mar bhreiseán ag leibhéal suas le 15 % w/w in ábhair agus earraí déanta as aigéad polalachtach nach bhfuil stáirse (FCM Uimh. 564) ná breiseáin eile iontu a bhfuil feidhm acu atá cosúil le stáirse a d'fhéadfadh ascnamh a mhéadú, agus a bheartaítear a bheith i dtadhall ar feadh suas le 10 lá ag suas le 40 °C le huisce a áirítear sa chatagóir bia 01.01, nó le bia a áirítear sna catagóirí 04.01 (torthaí, iad úr nó fuaraithe), 04.04 (glasraí, iad úr nó fuaraithe) agus 08.01 (fínéagar), mar a shonraítear i dTábla 2 d'Iarscríbhinn III. | (33) |

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1090 | | 646-24-2 agus 148 528-05-6 | meascán 1,9-naonáindé-aimín ('NMDA') agus 2-meitil-1,8-ochtáindé-aimín ('MODA') | ní féidir | is féidir | ní féidir | 0,05 | | Ná húsáid ach mar chómhonaiméir le haigéad teireatalach chun ábhair agus earraí polaimíde a mhonarú.<br><br>Ná húsáid i monarú ábhar agus earraí a bheartaítear a bheith i dtadhall le bainne foirmle do naíonáin (7) agus le bainne daonna.<br><br>Ní sháróidh ascnamh an chodáin a bhfuil meáchan móilíneach faoi bhun 1000 DA aige arb é speicis ghaolmhara NMDA/MODA atá ann 5 mg/kg bia. | ' |

(b) i bpointe 3, tábla 3, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas leis:

| | |
|---|---|
| '(32) | Tá riosca ann go sárófar an uasteorainn ascnaimh nuair a bheidh an tsubstaint i dtadhall le bianna aigéadacha. |
| (33) | Tá riosca ann go sárófar an teorainn ascnaimh shonrach nuair a bheidh an tsubstaint i dtadhall le hionsamhlaigh bia seachas ionsamhlach B.' |